

Treoracha le haghaidh *TURNAIMINT NA gCLUICHÍ FOIRNE*

Céim an Ullmhúcháin

Céim 1:

Roinntear an rang ina ngrúpaí de thriúr scoláirí. Beidh sé sin ina fhoireann bhaile ag na scoláirí. Beidh 5-7 nóiméad acu anois chun ullmhú le chéile le haghaidh chéim na turnaiminte.

Céim 2:

Ag úsáid an phaca cártaí, meaitseálann na scoláirí na cártaí uile chun comhráite cuí a chruthú sa sprioctheanga.

Cruthaíonn an chéim ullmhúcháin seo spás sábháilte inar féidir le gach duine a gcuid eolais a mheas agus a athbhreithniú. Spreagann sé freagracht aonair freisin mar go mbeidh scoláirí ag déanamh ionadaíochta dá bhfoireann bhaile i gcéim na turnaiminte. Mar sin, is gá dóibh a chinntiú go mbeidh siad réidh.

Céim na Turnaiminte

Céim 1:

Bogann gach scoláire anois chuig grúpa turnaiminte. Is é a bhíonn orthu sin scoláirí nár oibrigh le chéile le linn chéim an ullmhúcháin. Bíonn maor scór ag teastáil ó gach grúpa a thairfeadfaidh na scóir do na scoláirí uile sa ghrúpa sin.

Céim 2:

Roinnter na cártaí ceiste i measc an ghrúpa. Cuireann gach scoláire ceist ar an té ar thaobh a láimhe deise. Ní mór dóibh freagra cuí a thabhairt sa sprioctheanga. Faigheann scoláirí pointe ar gach freagra cuí.

Céim 3:

Filleann gach rannpháirtí ar a fhoireann bhaile lena scór. Suimíonn na foirne a gcuid scór. Is í an fhoireann is airde scór a bhaineann.

Ainm			
Ceist 1			
Ceist 2			
Ceist 3			
Ceist 4			
Ceist 5			
Scór Iomlán			

Ainm			
Ceist 1			
Ceist 2			
Ceist 3			
Ceist 4			
Ceist 5			
Scór Iomlán			

Ainm			
Ceist 1			
Ceist 2			
Ceist 3			
Ceist 4			
Ceist 5			
Scór Iomlán			